

Scileanna don Mhargadh

Scileanna a rachaidh chun tairbhe duit



Ceannaireacht agus Bainistíocht - Leibhéal 6



Ceannaireacht i rith tréimhse athraitheach

A Skills to Advance training initiative for enterprise

Ní mór do chomhlachtaí an lae inniu a chinntiú go bhfuil scileanna maithe acu chun fostaithe a bhainistiú. Mar fhreagra ar na dúshláin chriticiúla a bhfuil gnólachtaí ag déileáil go leanúnach leo, tá tionscnamh oiliúna nua ar fáil anois dar teideal **Bainistíocht Mhaoirseachta**. Cuirfidh an clár seo, a bhfuil fóirdheontas suntasach ag baint leis*, oiliúint ar fáil do chomhaltaí foirne maoirseachta, agus cuirfidh sé go mór le cumas comhlachtaí déileáil leis an timpeallacht ghnó nua, agus leis na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann léi.

* Beidh na fóirdheontais ag brath ar na cúinsí a bhaineann leis an gcomhlacht féin

Cé air a bhfuil an clár seo dírithe?

Fostaithe comhlachtaí atá:

- ag feidhmiú faoi láthair mar cheannaire foirne nó mar bhainisteoir túsline
- tar éis glacadh le ról maoirseachta den chéad uair

Aidhm: chun scileanna breise a thabhairt do na fostaithe sin chun go mbeidh siad in ann ceannasaíocht a thabhairt dá bhfoirne, agus iad a bhainistiú go héifeachtach



Tairbhí d'fhostóirí

- Comhaltaí foirne a uas-sciliú chun athrú a bhainistiú
- A chur ar chumas comhaltaí foirne ceannasaíocht a ghlacadh ar fhoirne
- Ábhair a roghnú chun bearnaí i scileanna a dhúnadh

Tairbhí d'fhostaithe

- Ceannasaíocht éifeachtach a thabhairt d'fhoirne
- Foirne a bhainistiú agus a spreagadh
- Scileanna digiteacha a fheabhsú

Does the programme lead to a qualification?

Tá dhá leibhéal cáilíochta ann:

- Teastas i gCeannaireacht agus i mBainistíocht
- Dioplóma i gCeannaireacht agus i mBainistíocht



Is é an **Institiúid Ceannaireachta agus Bainistíochta (ILM)** a thugann an creidiúnú don dá cháilíocht seo agus beidh cáilíocht leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochta (NFQ) mar thoradh orthu

Céard iad ábhair an chúrsa?



Teastas i gCeannaireacht & Bainistíocht:

- comhaltaí foirne a spreagadh
- athrú a bhainistiú
- cinnteoireacht éifeachtach
- scríbhneoireacht ghnó
- réiteach fadhbanna
- oibrithe cianda a bhainistiú

Tá modúil bhreise ar fáil:

- scileanna digiteacha
- prionsabail bharainneacha
- bainistíocht struis

Diplóma i gCeannaireacht & Bainistíocht

Cuimsítear leis an gclár diplóma na modúil a sheachadtar ag leibhéal an teastais agus tá réimsí eile i gceist leis cosúil le scileanna ceannaireachta, bainistíocht feidhmíochta agus bainistíocht tionscadail.

Cé acu is fearr a d'fheilfeadh duit – teastas nó diplóma?

Tá fostaithe in ann an teastas nó an diplóma a roghnú, ag brath ar a riachtanais oiliúna, agus is féidir dul ar aghaidh chuig leibhéal an diplóma ó leibhéal an teastais. Beidh na Boird Oideachais agus Oiliúna in ann cabhrú le comhlachtaí cinneadh a dhéanamh faoin gcúrsa is fearr a fheileann do riachtanais a bhfostaithe.

Cén chaoi a seachadtar an clár?

- trí na Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) i do réigiún
- ar líne, le tacaíocht teagascóra nó, sa chás gur féidir, trí chumasc foghlaim ar líne agus duine-le-duine
- sceidealú solúbtha chun dul in oiriúint do riachtanais an ghnólachta agus an fhostaí

Tá fad an chúrsa ag brath ar an sceideal seachadta atá aontaithe ag an bhfostóir agus an Bord Oideachais agus Oiliúna a chuireann an oiliúint ar fáil. D'fhéadfaí an teastas a dhéanamh thar thréimhse 3-4 mí, agus an diplóma thar thréimhse 9-12 mí.

Céard é costas an chlár?




Tá comhlachtaí i dteideal fóirdheontas suas le 70% a fháil i dtreo tháille an chúrsa. Is i bhfoirm cabhair ón stát a iocfar an fóirdheontas agus tá sé ag brath ar fhachtóirí éagsúla a bhaineann leis an gcomhlacht féin. Beidh an Bord Oideachais agus Oiliúna áitiúil in ann comhairle a chur ar an gcomhlacht maidir le ranníocaíocht an chomhlachta. Níl aon chostas ann don fhostai.

Cén chaoi ar forbraíodh an clár?

Is cuid den tionscnamh Scileanna don Mhargadh an clár seo atá á chur chun feidhme ar fud na tíre ag na Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBanna). Tacaíonn Scileanna don Mhargadh le gnólachtaí a gcuid oibríthe a fhorbairt trí dheiseanna uas-scilíthe agus athscilíthe a thabhairt a mbaineann fóirdheontais mhóra leo.

D'oibrigh SOLAS agus na Boird Oideachais agus Oiliúna i gcomhpháirt le fostóirí agus le gníomhaireachtaí fiontraíochta chun an clár seo a chur i dtoll a chéile. Féachann sé le bunriachtanais comhlachtaí a chomhlíonadh.



“Meallann an ghné den chúrsa a bhaineann le bainistíocht daoine go mor mé”

“Tá an cúrsa curtha in oiriúint do riachtanais ár ngnó”

Déan teagmháil le do Bhord Oideachais agus Oiliúna áitiúil chun tuilleadh eolais a fháil nó téigh chuig skillstoadvance.ie

Bord Oideachais agus Oiliúna Chabháin agus Mhuineacháin:
eileenroddy@cmetb.ie

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall:
dearbhlakelly@donegal.etb.ie

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mi:
skillstoadvance@lmetb.ie

Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma:
skillstoadvance@msletb.ie